IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

# I.R. Uimh. 444 de 2016

---

# NA RIALACHÁIN UM AN gCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA (CLÁRÚ), 2016

S.I. No. 444 of 2016

TEACHING COUNCIL (REGISTRATION) REGULATIONS 2016

RIAR NA RIALACHÁN

*CUID 1*

RÉAMHRÁITEACH

1. Lua

2. Tosach feidhme

3. Léiriú

*CUID 2*

AN CLÁR

4. An clár a choimeád, a fhoilsiú agus a iniúchadh

5. An fhaisnéis a bheidh le taifeadadh sa chlár

6. Deimhniú clárúcháin

7. An clár a iniúchadh

8. Cóip de shliocht as an gclár a fháil

9. An clár a cheartú

*CUID 3*

CLÁRÚ

10. Critéir chun múinteoir a chur ar an gclár

11. Clárú sealadach le haghaidh múinteoirí nuacháilithe (NQTs)

12. Clárú coinníollach d’fhonn tréimhse oiriúnaithe nó triail inniúlachta a chur i gcrích

13. Iarratais ar chlárú

14. Athbhreithniú inmheánach ar chinneadh clárúcháin

*CUID 4*

CLÁRÚ A ATHNUACHAN

15. Iarratais ar athnuachan

*CUID 5*

CÚLGHAIRM AGUS FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

16. Cúlghairm

17. Forálacha idirthréimhseacha

AN SCEIDEAL

S.I. No. 444 of 2016

# TEACHING COUNCIL (REGISTRATION) REGULATIONS 2016

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le halt 4, ailt 29 agus 31 (arna leasú le hailt 8 agus 10 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015 (Uimh. 31 de 2015)) agus alt 33 (arna leasú le halt 9 den Acht Oideachais (Leasú), 2012 (Uimh. 14 de 2012)) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Uimh. 8 de 2001) (arna oiriúnú leis an Ordú Oideachais agus Eolaíochta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2010 (I.R. Uimh. 184 de 2010), le toiliú an Aire Oideachais agus Scileanna, déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta leis seo na Rialacháin seo a leanas:

## CUID 1

## RÉAMHRÁITEACH

*Lua*

1. Na Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú), 2016 is teideal do na Rialacháin seo.

*Tosach Feidhme*

2. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 25 Iúil, 2016.

*Léiriú*

3. (1) Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn "Acht" an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Uimh. 8 de 2001);

ciallaíonn "Acht 2012" an tAcht Oideachais (Leasú), 2012 (Uimh. 14 de 2012);

ciallaíonn "Acht 2015" an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015 (Uimh. 31 de 2015);

tá le "tréimhse oiriúnaithe" agus "triail inniúlachta" na bríonna a shanntar dóibh sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla;

ciallaíonn "cóip dheimhnithe" cóip de dhoiciméad agus formhuiniú (síniú, stampa agus dáta) ar an gcóip iarbhír ina luaitear go bhfuair duine cuí amharc ar an doiciméad bunaidh agus go gcreideann sé nó sí an chóip den doiciméad sin, agus—

(a) i gcás doiciméad lena gcruthófar céannacht (deimhniú breithe nó pas reatha), ciallaíonn sé cóip den doiciméad arna deimhniú ag comhalta den Gharda Síochána, Feidhmeannach Síochána, aturnae nó Coimisinéir Mionnaí, a mbeidh stampa bunaidh agus é soiléir soléite greamaithe den chóip,

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 9 Lúnasa, 2016, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

(b) i gcás scríbhinn, pár, forlíonadh dioplóma, lámhleabhar cúrsa nó doiciméadacht a bhaineann le cúrsa, ciallaíonn sé cóip den doiciméad sin arna deimhniú ag comhalta den Gharda Síochána, Feidhmeannach Síochána, aturnae nó Coimisinéir Mionnaí nó oifig chláraitheora nó oifig chlárúcháin de chuid na hinstitiúide ardoideachais, an choláiste nó na hollscoile inar bronnadh an cháilíocht atá i gceist (ní gá do chóipeanna de pháir arna soláthar i dteannta scríbhinní bunaidh a bheith deimhnithe), agus

(c) i gcás scríbhinn nó ráiteas torthaí a chuirfear i gcló ó thairseach mac léinn idirlín, ciallaíonn sé cóip den doiciméad sin arna stampáil ag oifig chláraitheora nó oifig chlárúcháin de chuid an choláiste nó na hollscoile inar bronnadh an cháilíocht atá i gceist;

tá le "dearbhú toilithe" an bhrí a shanntar dó in alt 13 den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 (Uimh. 47 de 2012);

ciallaíonn "múinteoir nuacháilithe" nó "NQT" múinteoir a chomhlíonann ceanglais na Comhairle ó thaobh cáilíochtaí, ach nach bhfuil an tréimhse de chleachtadh gairmiúil a cheanglaítear curtha i gcrích aige nó aici;

ciallaíonn "pámháistir" an duine nó an eagraíocht atá i bhfeighil tuarastail a íoc le múinteoirí cláraithe, i.e. an Roinn Oideachais agus Scileanna nó na Boird Oideachais agus Oiliúna, de réir mar is cuí;

ciallaíonn "cleachtadh gairmiúil" tréimhse cleachtadh faoi mhaoirseacht a chomhlíonann ceanglais na Comhairle ó thaobh na nósanna imeachta atá leagtha síos aici i ndáil le múinteoirí a insealbhú i ngairm na múinteoireachta agus na nósanna imeachta agus na critéir atá leagtha amach aici le haghaidh promhadh múinteoirí, lena n-áirítear tréimhsí promhaidh;

ciallaíonn "Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla" Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005[1], arna leasú le Treoir 2006/100/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006[2], Rialachán (CE) Uimh. 1430/2007 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007[3], Rialachán (CE) Uimh. 755/2008 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2008[4], Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008[5], Rialachán (CE) Uimh. 279/2009 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2009[6], Rialachán (AE) Uimh. 213/2011 ón gCoimisiún an 3 Márta 2011[7], Ionstraim i dtaobh aontachas Phoblacht na Cróite[8], Rialachán (AE) Uimh. 623/2012 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2012[9], Treoir 2013/25/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013[10] agus Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013[11];

[1]IO Uimh. L 255, 30.9.2005, lch. 22.
[2]IO Uimh. L 363, 20.12.2006, lch. 141.
[3]IO Uimh. L 320, 6.12.2007, lch. 3.
[4]IO Uimh. L 205, 1.8.2008, lch. 10.
[5]IO Uimh. L 311, 21.11.2008, lch. 1.
[6]IO Uimh. L 93, 7.4.2009, lch. 11.
[7]IO Uimh. L 59, 4.3.2011, lch. 4.
[8]IO Uimh. L 112, 24.4.2012, lch. 6.
[9]IO Uimh. L 180, 12.7.2012, lch. 9.
[10]IO Uimh. L 158, 10.6.2013, lch. 368.
[11]IO Uimh. L 354, 28.12.2013, lch. 132.

ciallaíonn “stát iomchuí”—

(a) stát (seachas an Stát) is páirtí conarthach sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch arna shíniú in Oporto an 2 Bealtaine 1992, nó

(b) an Eilvéis;

ciallaíonn “Coiste Clárúcháin” an coiste arna bhunú ag an gComhairle de bhun alt 24 den Acht chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le nithe a bhaineann le clárú;

ciallaíonn “bealach cláraithe” na cáilíochtaí trína bhfuair múinteoir taifeadadh sa Chlár;

ciallaíonn “tríú tír” stat seachas an Stát nó stát iomchuí.

(2) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear sna Rialacháin seo agus a úsáidtear freisin sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, tá an bhrí chéanna leis nó léi sna Rialacháin seo atá leis nó léi sa Treoir, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

## CUID 2

## AN CLÁR

*An clár a choimeád, a fhoilsiú agus a iniúchadh*

4. Déanfaidh an Chomhairle an clár a choimeád go leictreonach agus a fhoilsiú ar líne de réir Rialachán 7.

*An fhaisnéis a bheidh le taifeadadh sa chlár*

5. Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh sa chlár maidir le gach múinteoir cláraithe:

(a) Sonraí pearsanta:

(i) An t-ainm faoina ndéanfaidh sé nó sí a dhualgais nó a dualgais ghairmiúla mar mhúinteoir cláraithe a chur i gcrích;

(ii) Aon ainm(neacha) eile agus/nó aon ainm(neacha) roimhe sin a thugtar nó a tugadh ar an múinteoir cláraithe;

(iii) Dáta breithe;

(iv) Inscne;

(v) Uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PPSN);

(vi) Seoladh poist le haghaidh comhfhreagrais, lena n-áirítear seoladh le haghaidh seirbheáil fógraí faoi na hAchtanna ag an gComhairle nó thar a ceann;

(vii) Seoladh ríomhphoist a fhéadfaidh an Chomhairle a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir cláraithe;

(viii) Uimhir ghutháin nó uimhreacha gutháin a fhéadfaidh an Chomhairle a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir cláraithe;

(b) Cáilíochtaí:

(i) Cáilíochtaí tríú leibhéal;

(ii) Bealach cláraithe;

(iii) Bealach eile ar a bhféadfadh clárú a bheith faighte ag an múinteoir cláraithe (más infheidhme);

(iv) Ábhar/ábhair nó réimse/réimsí staidéir ar tríothu a measadh é nó í a bheith i dteideal a bheith cláraithe (más infheidhme);

(c) Sonraí clárúcháin:

(i) Dáta cláraithe;

(ii) Stádas clárúcháin (lánstádas nó stádas coinníollach);

(iii) Uimhir chláraithe;

(iv) Aon choinníollacha arna bhforchur faoi alt 31, 33 nó 44 de na hAchtanna;

(v) Torthaí aon imeachtaí araíonachta faoi Chuid 5 den Acht, lena n-áirítear aon bhearta a bheidh daingnithe ag painéal faoi alt 44(1A) (a cuireadh isteach le halt 25(*b*) d’Acht 2015) den Acht agus an tréimhse a bhfágfar an fhaisnéis sin ar an gClár;

(vi) An fhaisnéis arna nochtadh tríd an nochtadh grinnfhiosrúcháin is déanaí atá i seilbh na Comhairle maidir leis an duine;

(d) Sonraí fostaíochta (más infheidhme):

(i) Ainm agus seoladh an fhostóra;

(ii) Fostaíocht reatha lena n-áirítear poist freagrachta atá á sealbhú;

(e) An earnáil vótála mar a fhorordaítear faoi alt 10 de na hAchtanna;

(f) Cibé faisnéis eile a cheadóidh an Chomhairle, ó am go ham, a thaifeadadh sa chlár.

*Deimhniú clárúcháin*

6. Beidh an fhaisnéis seo a leanas i ndeimhniú clárúcháin arna eisiúint faoi alt 31(9)(*a*) den Acht ach ní bheidh sí teoranta di:

(a) An t-ainm faoina ndéanfaidh an múinteoir cláraithe dualgais ghairmiúla mar mhúinteoir a chur i gcrích;

(b) Uimhir chláraithe;

(c) Dáta cláraithe;

(d) An dáta ar a ndlitear athnuachan bliantúil a dhéanamh ar chlárú;

(e) Bealach clárúcháin;

(f) Bealach eile ar a bhféadfadh clárú a bheith faighte ag an múinteoir cláraithe (más infheidhme);

(g) Ábhar/ábhair nó réimse/réimsí staidéir ar tríothu a measadh é nó í a bheith i dteideal a bheith cláraithe (más infheidhme);

(h) Stádas clárúcháin (lánstádas nó stádas coinníollach lena n-áirítear ráiteas i dtaobh aon choinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú agus dáta(í) éagtha aon choinníollacha);

(i) Ráiteas lena ndéanfar a dheimhniú don Chomhairle go bhfuair an múinteoir na cáilíochtaí a cheanglaítear chun clárú mar mhúinteoir i scoil aitheanta faoi alt 31 (arna leasú faoi alt 10 d'Acht 2015) den Acht.

*An clár a iniúchadh*

7. (1) Féadfaidh múinteoirí cláraithe an clár a iniúchadh trí logáil isteach ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

(2) Féadfaidh múinteoirí cláraithe a údarú dá bpámháistrí logáil isteach ar líne agus an fhaisnéis chlárúcháin a leagtar amach i Rialachán 5(*a*)(i), (ii), (iii) agus (v), (*b*) agus (*c*) a iniúchadh.

(3) Déanfar an fhaisnéis seo a leanas ón gclár a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle lena hiniúchadh ag an bpobal:

(a) An t-ainm faoina ndéantar dualgais ghairmiúla a chur i gcrích mar mhúinteoir;

(b) Uimhir chláraithe;

(c) Bealach clárúcháin;

(d) Bealach eile ar a bhféadfadh clárúchán a bheith faighte ag an múinteoir (más infheidhme);

(e) Stádas clárúcháin (lánstádas nó stádas coinníollach a bhféadfaidh ráiteas i dtaobh aon choinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú agus dáta(í) éagtha aon choinníollacha a bheith ar áireamh leis);

(f) Ainm agus seoladh an fhostóra más infheidhme;

(g) Dáta athnuachana bliantúla;

(h) Cibé faisnéis eile a mheasfaidh an Chomhairle is gá ar mhaithe le leas an phobail.

*Cóip de shliocht as an gclár a fháil*

8. (1) I gcás ina ndéanfaidh an Stiúrthóir cóip de thaifead sa chlár nó de shliocht as a sholáthar de bhun alt 29(6)(*b*) den Acht, beidh an fhaisnéis seo a leanas ann:

(a) An t-ainm faoina ndéantar dualgais ghairmiúla a chur i gcrích mar mhúinteoir;

(b) Ainm agus seoladh an fhostóra más infheidhme;

(c) Uimhir chláraithe;

(d) An dáta a soláthraíodh an sliocht;

(e) Bealach clárúcháin;

(f) Bealach eile ar a bhféadfadh clárú a bheith faighte ag an múinteoir cláraithe (más infheidhme);

(g) Stádas clárúcháin (lánstádas nó stádas coinníollach a bhféadfaidh ráiteas i dtaobh aon choinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú agus dáta(í) éagtha aon choinníollacha a bheith ar áireamh leis);

(h) Dáta cláraithe;

(i) Dáta athnuachana bliantúla;

(j) An earnáil vótála mar a fhorordaítear faoi alt 10 de na hAchtanna;

(k) Cibé faisnéis eile a mheasfaidh an Chomhairle is gá ar mhaithe le leas an phobail.

*An clár a cheartú*

9. (1) Cinnteoidh múinteoirí cláraithe go bhfuil an fhaisnéis a bheidh taifeadta sa chlár i ndáil lena chlárú nó lena clárú cruinn agus cothrom le dáta.

(2) Féadfaidh múinteoirí cláraithe féachaint ar a gcuid sonraí clárúcháin ar líne agus beidh siad i dteideal eagarthóireacht a dhéanamh ar na sonraí pearsanta seo a leanas:

(a) Seoladh le haghaidh comhfhreagrais;

(b) seoladh teagmhála ríomhphoist agus uimhreacha gutháin;

(c) sonraí fostaíochta; agus

(d) cibé sonraí breise a cheadóidh an Chomhairle ó am go ham.

(3) I gcás athruithe áirithe i ndáil leis an bhfaisnéis a bheidh taifeadta sa chlár agus a bhaineann le múinteoir cláraithe, lena n-áirítear sonraí i dtaca le hainm nó cáilíochtaí an iarratasóra, beidh sé de cheangal ar an múinteoir cláraithe fianaise dhoiciméadach ina leith sin a sholáthar, agus beidh feidhm ag ceanglais Rialachán 13(2) maidir le fianaise den sórt sin amhail is go raibh iarratas ar chlárú á dhéanamh ag an iarratasóir.

(4) I gcás go mbeidh athrú ar fhaisnéis atá i ndeimhniú clárúcháin mar thoradh ar cheartú sa chlár, féadfaidh an Chomhairle deimhniú nuashonraithe

a chur ar fáil don mhúinteoir cláraithe a bheidh i gceist.

CUID 3

CLÁRÚ

*Critéir chun múinteoir a chur ar an gclár*

10. (1) D'fhonn bheith i dteideal go gcuirfí é nó í ar an gclár, déanfaidh gach iarratasóir a dheimhniú don Chomhairle—

(a) go gcomhlíonann an cháilíocht/na cáilíochtaí atá aige nó aici na critéir oideachais, oiliúna agus cáilíochta chun go gcuirfí ar an gclár é nó í ar cheann amháin nó níos mó de na bealaí seo a leanas:

(i) bunscoil;

(ii) iarbhunscoil;

(iii) breisoideachas; nó

(iv) eile,

mar atá leagtha síos sa Sceideal; agus

(b) gur dheimhnigh sé nó sí don Chomhairle gur duine feidhmiúil cuí é nó í chun go gcuirfí ar an gclár é nó í.

(2) Déanfar clárú coinníollach a dheonú do gach múinteoir nuacháilithe a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar amach i mír (1), go dtí go gcuirfear Ii gcrích go rathúil tréimhse de chleachtadh gairmiúil faoi mhaoirseacht mar atá leagtha síos ag an gComhairle.

(3) Féadfaidh an Chomhairle iarratasóir a chlárú faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an gComhairle, lena n-áirítear iarratasóir a baineadh den chlár go deonach roimhe sin, iarratasóir a baineadh den chlár roimhe sin mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh ar chlárú a athnuachan, agus iarratasóir a baineadh den chlár roimhe sin mar gheall ar mhainneachtain coinníoll i dtaca le clárú a chomhlíonadh.

(4) Más rud é nach deimhin leis an gComhairle go gcomhlíonann iarratasóir na critéir oideachais, oiliúna agus cáilíochta arna gcinneadh ag an gComhairle de réir mhír (1) tar éis measúnú ar a chuid nó a cuid cáilíochtaí faoin gcóras ginearálta maidir le haitheantas a thabhairt d'fhianaise ar oiliúint dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil I den Treoir maidir la Cáilíochtaí Gairmiúla, féadfaidh sí a cheangal ar an iarratasóir sin tréimhse oiriúnaithe a chur i gcrích nó triail inniúlachta a dhéanamh, nó tréimhse oiriúnaithe a chur i gcrích agus triail inniúlachta a dhéanamh araon, de réir na Treorach sin.

(5) D'fhonn amhras a sheachaint, beidh feidhm freisin ag mír (4) maidir le hiarratasóirí ó stáit iomchuí nach dtagann faoi raon na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla agus maidir le hiarratasóir tríú tír.

*Clárú sealadach le haghaidh múinteoirí nuacháilithe (NQTs)*

11. (1) Déanfaidh gach múinteoir nuacháilithe tréimhse de chleachtadh gairmiúil faoi mhaoirseacht, mar a bheidh leagtha síos ag an gComhairle, a chur i gcrích go rathúil d'fhonn clárú iomlán mar mhúinteoir a fháil.

(2) Seachas in imthosca eisceachtúla arna gceadú ag an gComhairle faoi mhír (3), déanfaidh gach múinteoir nuacháilithe cleachtadh gairmiúil faoi mhaoirseacht a chur i gcrích mar a bheidh leagtha síos ag an gComhairle, laistigh de thréimhse trí bliana tar éis an dáta a deonaíodh clárú coinníollach dó nó di.

(3) Más rud é nach ndéanfaidh múinteoir nuacháilithe tréimhse de chleachtadh gairmiúil faoi mhaoirseacht, mar a bheidh leagtha síos ag an gComhairle, a chur i gcrích laistigh de 3 bliana, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar fhadú ar an tréimhse shonraithe ar cibé foirm a fhorordóidh an Chomhairle ó am go ham, agus is de réir rogha na Comhairle a dhéanfar aon fhadú ar an tréimhse shonraithe.

(4) I gcás nach ndéanfaidh múinteoir nuacháilithe an tréimhse de chleachtadh gairmiúil faoi mhaoirseacht, mar a bheidh leagtha síos ag an gComhairle, a chur i gcrích go rathúil laistigh de 3 bliana, nó laistigh d'fhadú ar an tréimhse sin a bheidh ceadaithe ag an gComhairle faoi mhír (3), rachaidh clárú coinníollach an duine sin ar ceal.

(5) I gcás go ndéanfaidh múinteoir nuacháilithe a bheidh cláraithe faoi réir coinníll nó coinníollacha é nó í féin a bhaint den chlár go deonach agus go ndéanfaidh sé nó sí athiarratas ar chlárú ina dhiaidh sin de réir na Rialachán seo, tabharfar dó nó di iarmhéid na tréimhse ama a deonaíodh i dtosach báire chun ceanglais an choinníll nó na gcoinníollacha a chomhlíonadh, de réir mar a sonraíodh i dtosach báire, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

(6) I gcás go ndéanfar múinteoir nuacháilithe a bheidh cláraithe faoi réir coinníll nó coinníollacha a bhaint den chlár mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh ar chlárú a athnuachan, agus go ndéanfaidh sé nó sí athiarratas ar chlárú ina dhiaidh sin de réir na Rialachán seo, tabharfar don mhúinteoir sin iarmhéid na tréimhse ama a deonaíodh i dtosach báire chun ceanglais an choinníll nó na gcoinníollacha a chomhlíonadh, de réir mar a sonraíodh i dtosach báire, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

*Clárú coinníollach d'fhonn tréimhse oiriúnaithe nó triail inniúlachta a chur i gcrích*

12. (1) Faoi réir mhír (2), féadfaidh an Chomhairle clárú coinníollach a dheonú d'aon iarratasóir a thiocfaidh faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla ar feadh tréimhse suas go dtí 3 bliana d'fhonn deis a thabhairt don iarratasóir tréimhse oiriúnaithe nó triail inniúlachta a chur i gcrích.

(2) Ní dhéanfaidh an Chomhairle clárú coinníollach a dheonú d'iarratasóir a bhfuarthas a iarratas nó a hiarratas ar chlárú an 1 Eanáir 2020 nó dá éis agus a roghnaigh triail inniúlachta a dhéanamh seachas tréimhse oiriúnaithe, seachas le haghaidh tréimhsí de chleachtadh gairmiúil.

(3) Beidh feidhm ag mír (1) freisin maidir le hiarratasóirí ó stáit iomchuí nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla agus maidir le hiarratasóirí tríú tír.

(4) Féadfaidh múinteoir ag a bhfuil clárú coinníollach lán-chlárú a fháil ar thréimhse oiriúnaithe nó triail inniúlachta a chur i gcrích go rathúil, faoi réir aon choinníollacha eile a chur i gcrích go sásúil.

(5) Má mhainníonn múinteoir ag a bhfuil clárú coinníollach coinníoll nó coinníollacha a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama fhorordaithe, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle i scríbhinn, laistigh den tréimhse shonraithe, ar cibé foirm a sholáthróidh an Chomhairle, maidir leis an tréimhse ama shonraithe a fhadú, agus is de réir rogha na Comhairle a dhéanfar aon fhadú ar an tréimhse shonraithe.

(6) I gcás go mainneoidh duine na coinníollacha a chomhlíonadh laistigh de thréimhse shonraithe nó laistigh d’aon fhadú ag an gComhairle ar an tréimhse shonraithe, rachaidh clárú coinníollach an duine sin ar ceal agus déanfar é nó í a bhaint den Chlár.

(7) I gcás go ndéanfaidh múinteoir a bheidh cláraithe faoi réir coinníll nó coinníollacha é nó í féin a bhaint den chlár go deonach agus go ndéanfaidh sé nó sí athiarratas go gcuirfí é nó í ar an gclár ina dhiaidh sin de réir na Rialachán seo, ní thabharfar don mhúinteoir sin ach iarmhéid na tréimhse ama a deonaíodh i dtosach báire chun ceanglais an choinníll nó na gcoinníollacha a chomhlíonadh, de réir mar a sonraíodh i dtosach báire, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

(8) I gcás go ndéanfar múinteoir a bheidh cláraithe faoi réir coinníll nó coinníollacha a bhaint den chlár mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh ar chlárú a athnuachan, agus go ndéanfaidh sé nó sí athiarratas go gcuirfí é nó í ar an gclár ina dhiaidh sin de réir na Rialachán seo, ní thabharfar don mhúinteoir sin ach iarmhéid na tréimhse ama a deonaíodh i dtosach báire chun ceanglais an choinníll nó na gcoinníollacha a chomhlíonadh, de réir mar a sonraíodh i dtosach báire, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

*Iarratais ar chlárú*

13. (1) Déanfar iarratas ar chlárú i cibé foirm a sholáthróidh an Chomhairle ó am go ham.

(2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarratas ar chlárú:

(a) Sonraí i dtaobh faisnéis phearsanta an iarratasóra lena n-áirítear:

(i) An t-ainm faoina ndéanfaidh an t-iarratasóir a dhualgais nó a dualgais ghairmiúla a chur i gcrích mar mhúinteoir;

(ii) Aon ainm(neacha) eile agus/nó aon ainm(neacha) roimhe sin (más ann) a thugtar nó a tugadh ar an iarratasóir;

(iii) Dáta breithe;

(iv) Inscne;

(v) Uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PPSN);

(vi) Cóip dheimhnithe de dheimhniú breithe nó pas an iarratasóra;

(vii) Má tá ainm an iarratasóra athraithe, cóip dheimhnithe de dheimhniú pósta nó deimhniú páirtíochta sibhialta an iarratasóra nó cóip fhíordheimhnithe den ghníomhas aonpháirtí; agus

(viii) Aon chruthúnas eile ar chéannacht a mheasfaidh an Chomhairle is gá chun críocha céannachta;

(b) Sonraí teagmhála an iarratasóra lena n-áirítear:

(i) Seoladh poist an iarratasóra le haghaidh comhfhreagrais agus seirbheáil fógraí faoi na hAchtanna ag an gComhairle nó thar a ceann;

(ii) Seoladh ríomhphoist an iarratasóra le haghaidh comhfhreagrais; agus

(iii) Uimhreacha gutháin teagmhála an iarratasóra;

(c) Sonraí agus fianaise i dtaobh cáilíocht(aí) an iarratasóra ar ina hiontaoibh nó a n-iontaoibh a dhéantar an t-iarratas, lena n-áirítear—

(i) Cóipeanna deimhnithe de chéimeanna agus dioplómaí, más infheidhme,

(ii) Cóipeanna deimhnithe de scríbhinní cáilíochta na dtorthaí i leith gach bliain de cháilíocht(aí) fochéime agus iarchéime agus/nó cead féachaint ar thorthaí an iarratasóra ar líne,

(iii) Cóip dheimhnithe de na rannáin sa lámhleabhar cúrsa nó i ndoiciméid a bhaineann leis an gcúrsa i leith gach bliain dá raibh an cúrsa faoi staidéar ag an iarratasóir,

(iv) Aistriúcháin dheimhnithe den na nithe sin thuas, más infheidhme, agus

(v) Aon fhaisnéis eile a mheasfaidh an Chomhairle is gá chun cáilíochtaí an iarratasóra a fhíorú;

(d) Fianaise i dtaobh dea-charachtar an iarratasóra, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir a bheith ina dhuine nó ina duine feidhmiúil cuí chun múineadh, lena n-áirítear—

(i) Dearbhú toilithe agus cibé faisnéis eile a theastóidh ón gComhairle chun a chumasú di nochtadh grinnfhiosrúcháin i dtaobh an iarratasóra, nó nochtadh grinnfhiosrúcháin ó phóilíneacht choigríche (más infheidhme) a fháil,

(ii) Dearbhú comhlánaithe maidir le ciontuithe coiriúla a taifeadadh ina gcoinne, de réir mar atá san fhoirm iarratais,

(iii) Dearbhú comhlánaithe i dtaobh stair araíonachta, de réir mar a bheidh san fhoirm iarratais mar aon le sonraí maidir le haon phróiseas araíonachta a cuireadh i gcrích agus arbh é no í an t-iarratasóir b’ábhar dó, a raibh torthaí dochracha air nó ar fhorchur aon chomhlacht gairmiúil eile, comhlacht rialála nó fostaí sa Stát nó in áit eile (lena n-áirítear comhionann na Comhairle in aon dlínse eile) srianta san áit oibre ar an

iarratasóir dá bharr, de réir mar atá san fhoirm iarratais,

,

(iv) dearbhú comhlánaithe i dtaobh aon imscrúduithe atá ar bun ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an Garda Síochána nó aon údarás poiblí eile sa Stát nó in áit eile, de réir mar atá san fhoirm iarratais,

(v) teistiméireacht sásúil/teistiméireachtaí sásúla carachtair nó fostaíochta ó dhuine oiriúnach, arna sainaithint ag an gComhairle,

(vi) deimhnithe dea-stádais ó aon chomhlacht gairmiúil nó rialála eile a raibh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de, más infheidhme, agus

(vii) aon fhaisnéis eile a mheasfaidh an Chomhairle is gá chun carachtar an iarratasóra a fhíorú;

(e) Sonraí agus fianaise i dtaobh cleachtadh gairmiúil, mar atá leagtha síos ag an gComhairle, más infheidhme, a chur i gcrích go rathúil;

(f) Sonraí i dtaobh clárú roimhe sin an iarratasóra ag an gComhairle agus faisnéis maidir leis na cúiseanna nach bhfuil an t-iarratasóir ar an gClár a thuilleadh; agus

(g) Aon fhaisnéis eile a cheanglóidh an Chomhairle ar an mbonn gur gá é chun críche alt 31 den Acht.

(3) Beidh cibé táille a fhorordóidh an Chomhairle faoi alt 23 den Acht agus a bheidh leagtha amach san fhoirm iarratais ag gabháil le hiarratas ar chlárú.

(4) Beidh iarratas ar chlárú comhlánaithe go hiomlán, sínithe agus dátaithe ag an iarratasóir.

(5) Déanfar iarratas ar chlárú a chur chuig an gComhairle nó a sheachadadh uirthi ar an modh a bheidh leagtha amach san fhoirm iarratais.

*Athbhreithniú inmheánach ar chinneadh clárúcháin*

14. Féadfaidh iarratasóir ar chlárú athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar chinneadh ón gComhairle clárú a dhiúltú nó coinníollacha a fhorchur ar chlárú, gan dochar do chearta achomhairc an iarratasóra faoi alt 31(8) den Acht.

CUID 4

CLÁRÚ A ATHNUACHAN

*Iarratais ar athnuachan*

15. (1) Is i cibé foirm a sholáthróidh an Chomhairle ó am go ham a bheidh iarratas ar chlárú a athnuachan.

(2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarratas ar chlárú a athnuachan:

(a) Sonraí pearsanta an iarratasóra, lena n-áirítear uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an iarratasóra;

(b) Seoladh poist an iarratasóra le haghaidh comhfhreagrais, uimhir theagmhála ríomhphoist agus uimhir ghutháin/uimhreacha gutháin;

(c) Ainm agus seoladh fhostóir an iarratasóra, más ann;

(d) Sonraí i dtaobh post múinteoireachta reatha an iarratasóra lena n-áirítear aon phoist freagrachta arna sealbhú; agus

(e) Aon fhaisnéis eile a cheanglóidh an Chomhairle ar an mbonn go mbeidh gá léi chun críche alt 33 (arna leasú le halt 9 d'Acht 2012) den Acht.

(3) Beidh cibé táille a fhorordóidh an Chomhairle faoi alt 23 den Acht agus a bheidh leagtha amach san iarratas ar athnuachan ag gabháil le hiarratas ar chlárú a athnuachan.

(4) Beidh iarratas ar chlárú a athnuachan comhlánaithe go hiomlán ag an iarratasóir agus dearbhóidh sé nó sí go bhfuil na sonraí sa Chlár cruinn.

(5) Déanfar iarratas ar athnuachan ar líne nó déanfar é a chur chuig an gComhairle ar an modh a bheidh leagtha amach sa bhfógra athnuachana.

(6) Déanfar fógra a eisiúint ar athnuachan a dhéanamh faoi alt 33(7) (a cuireadh isteach le halt 9 d'Acht 2012) den Acht, a bhféadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ann:

(a) An t-ainm faoina ndéanfaidh an múinteoir cláraithe a dhualgais nó a dualgais ghairmiúla mar mhúinteoir a chur i gcrích;

(b) Uimhir chláraithe;

(c) Dáta cláraithe;

(d) An tréimhse dá mbeidh an deimhniú bailí;

(e) Dáta éagtha an chláraithe;

(f) Bealach clárúcháin;

(g) Bealach eile ar a bhféadfadh clárú a bheith faighte ag an múinteoir cláraithe (más infheidhme);

(h) Ábhar/ábhair nó réimse/réimsí staidéir ar tríothu a measadh é nó í a bheith i dteideal a bheith cláraithe, más infheidhme;

(i) Stádas clárúcháin (lánstádas nó stádas coinníollach a bhféadfaidh ráiteas i dtaobh aon choinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú agus dáta(í) éagtha aon choinníollacha a bheith ar áireamh leis); agus

(j) Ráiteas go bhfuil na cáilíochtaí is gá faighte ag an múinteoir chun an Chomhairle a shásamh maidir le clárú faoi alt 31 de na hAchtanna mar mhúinteoir i scoil aitheanta.

## CUID 5

## CÚLGHAIRM AGUS FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Cúlghairm*

16. Cúlghairtear na Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta [Clárú], 2009 (I.R. 595 de 2009).

*Forálacha Idirthréimhseacha*

17. (1) I gcás, roimh theacht i bhfeidhm do na Rialacháin seo, go mbeidh iarratas ar chlárú déanta faoi na Rialacháin dá dtagraítear i Rialachán 16 ach nach mbeidh cinneadh déanta go fóill, beidh feidhm ag na Rialacháin seo maidir leis an iarratas sin.

(2) I gcás, roimh theacht i bhfeidhm do na Rialacháin seo, go mbeidh iarratas ar chlárú a athnuachan déanta faoi na Rialacháin dá dtagraítear i Rialachán 16 ach nach mbeidh cinneadh déanta go fóill, leanfaidh forálacha na Rialachán sin de bheith i bhfeidhm maidir leis an iarratas amhail is nár cúlghaireadh iad.

An Sceideal

CRITÉIR OIDEACHAIS, OILIÚNA AGUS CÁILÍOCHTA
chun duine a chur ar an gclár trí cheann amháin nó níos mó de na bealaí a shainaithnítear i Rialachán 10(1)

*Rialachán 10(1)*

## Gluais téarmaí

Sa Sceideal seo:

ciallaíonn "creidiúnaithe" creidiúnaithe faoi alt 38 (arna leasú le halt 10 d'Acht 2012) den Acht;

ciallaíonn "An Córas Eorpach d'Aistriú Creidmheasa nó creidmheasanna ECTS" an córas creidmheasa don ardoideachas a úsáidtear i Limistéar Eorpach an Ardoideachais;

ciallaíonn "breisoideachas" cáilithe chun mic léinn a mhúineadh i scoileanna aitheanta, ar mic léinn iad atá 16 bliana d'aois nó níos sine agus atá ag freastal ar shuímh oideachais agus oiliúna lasmuigh den chóras iarbhunscoile ach nach cuid den chóras tríú leibhéal;

tagraíonn "Córas Ginearálta" don chóras chun comhionannas cáilíochtaí a mheasúnú agus atá sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla;

ciallaíonn "Eile" an bealach trína bhféadfaidh iarratasóirí taifeadadh ar an gclár a fháil sna himthosca áirithe ata leagtha amach don bhealach sin;

ciallaíonn "Creat Náisiúnta Cáilíochtaí nó NFQ" an córas deich leibhéal (1–10) lena dtugtar luach acadúil nó gairme do cháilíochtaí a fuarthas in Éirinn;

ciallaíonn "iarbhunscoil" cáilithe chun daltaí nó mic léinn ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain, an raon aoise 12 bhliain d'aois go 18 mbliana d'aois de ghnáth, a mhúineadh;

ciallaíonn "bunscoil" cáilithe chun daltaí nó mic léinn, ó naíonáin shóisir go dtí an séú rang, an raon aoise 4 bhliain d'aois go 12 bhliain d'aois de ghnáth, a mhúineadh.

## BEALACH 1: BUNSCOIL

Duine a dhéanfaidh iarratas chun é nó í a thaifeadadh sa chlár ar bhonn cáilíochtaí mar mhúinteoir bunscoile, deimhneoidh sé nó sí don Chomhairle go bhfuil ceann amháin de na nithe seo faighte aige nó aici:

1. Fochéim in oideachas do mhúinteoirí:

    (a) a nascann staidéar ar dhisciplíní ábhar churaclaim le codanna eile den oideachas tosaigh do mhúinteoirí lena n-áirítear socrúchán scoile, bunstaidéir agus staidéir ghairmiúla;

    (b) atá creidiúnaithe ag an gComhairle chun críocha múinteoireachta bunscoile;

(c) atá ag leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ; agus

(d) a bhfuil ualú ECTS 240 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi agus 120 creidmheas díobh sannta do staidéir san oideachas do mhúinteoirí.

NÓ

2. Cáilíocht iarchéime in oideachas do mhúinteoirí:

(a) a nascann staidéar ar dhisciplíní ábhar churaclaim le codanna eile den oideachas tosaigh do mhúinteoirí lena n-áirítear socrúchán scoile, bunstaidéir agus staidéir ghairmiúla agus atá creidiúnaithe ag an gComhairle;

(b) atá creidiúnaithe ag an gComhairle chun críocha múinteoireachta bunscoile;

(c) atá ag leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ;

(d) a bhfuil ualú ECTS 120 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi; and

(e) a tosaíodh tar éis fochéim ag Leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ a dhámhadh, a bhfuil ualú ECTS 180 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi.

NÓ

3. Cáilíocht nó cáilíochtaí faighte, a bhfuil an tuairim ag an gComhairle ina leith go bhfuil sí nó siad ar chaighdeán comhionann leis na caighdeáin is gá faoi mhíreanna 1 nó 2 atá leagtha amach thuas, tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht sin de réir an Chórais Ghinearálta.

## BEALACH 2: IARBHUNSCOIL

Duine a dhéanfaidh iarratas chun é nó í a thaifeadadh sa chlár ar bhonn cáilíochtaí mar mhúinteoir iarbhunscoile, deimhneoidh sé nó sí don Chomhairle go bhfuil ceann amháin de na nithe seo faighte aige nó aici:

1. Fochéim in oideachas do mhúinteoirí:

(a) a nascann staidéar ar dhisciplíní ábhar churaclaim le codanna eile den oideachas tosaigh do mhúinteoirí lena n-áirítear socrúchán scoile, bunstaidéir agus staidéir ghairmiúla;

(b) atá creidiúnaithe ag an gComhairle chun críocha múinteoireachta iarbhunscoile;

(c) atá ag leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ;

(d) a bhfuil ualú ECTS 240 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi agus 120 creidmheas díobh sannta do staidéir san oideachas do mhúinteoirí; agus

(e) a chomhlíonann na ceanglais maidir le hábhar curaclaim amháin ar a laghad de réir mar a bheidh foilsithe ag an gComhairle ar a suíomh gréasáin tráth an iarratais.

NÓ

2. Cáilíocht iarchéime in oideachas do mhúinteoirí:

(a) lena n-áirítear socrúchán scoile, bunstaidéir agus staidéir ghairmiúla;

(b) atá creidiúnaithe ag an gComhairle chun críocha múinteoireachta iarbhunscoile;

(c) atá ag leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ;

(d) a bhfuil ualú ECTS 120 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi; agus

(e) a tosaíodh tar éis fochéim ag Leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ a dhámhadh, a bhfuil ualú ECTS 180 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi agus a chomhlíonann na ceanglais maidir le hábhar curaclaim amháin ar a laghad de réir mar a bheidh foilsithe ag an gComhairle ar a suíomh gréasáin tráth an iarratais.

NÓ

3. Cáilíocht nó cáilíochtaí faighte, a bhfuil an tuairim ag an gComhairle ina leith go bhfuil sí nó siad ar chaighdeán comhionann leis na caighdeáin is gá faoi mhíreanna 1 nó 2 atá leagtha amach thuas, tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht sin de réir an Chórais Ghinearálta.

## BEALACH 3: BREISOIDEACHAS

Duine a dhéanfaidh iarratas chun é nó í a thaifeadadh sa chlár ar bhonn cáilíochtaí mar mhúinteoir in earnáil an bhreisoideachais, deimhneoidh sé nó sí don Chomhairle go bhfuil ceann amháin de na nithe seo faighte aige nó aici:

1. Cáilíocht iarchéime in oideachas múinteoirí:

(a) a nascann foghlaim saineolais agus eolais le codanna eile den oideachas tosaigh do mhúinteoirí lena n-áirítear socrúchán scoile, bunstaidéir agus staidéir ghairmiúla;

(b) atá creidiúnaithe ag an gComhairle chun críocha múinteoireachta bhreisoideachais;

(c) atá ag leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ; agus

(d) a bhfuil ualú ECTS 240 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi agus 60 creidmheas ar a laghad díobh sannta do staidéir san oideachas do mhúinteoirí.

NÓ

2. Cáilíocht iarchéime[12] in oideachas do mhúinteoirí:

[12]Féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, dá rogha féin, clárú coinníollach a dheonú d’iarratasóirí chun cur i gcrích cáilíochtaí a cheadú faoi Bhealach 3, mír 2 de réir Rialachán 10(2).

(a) lena n-áirítear socrúchán scoile, bunstaidéir agus staidéir ghairmiúla;

(b) atá creidiúnaithe ag an gComhairle chun críocha múinteoireachta breisoideachais;

(c) atá ag leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ;

(d) a bhfuil ualú ECTS 60 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi; agus

(e) a tosaíodh tar éis fochéim ag Leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ a dhámhadh, a bhfuil ualú ECTS 180 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi.

NÓ

3. Cáilíocht iarchéime[13] in oideachas do mhúinteoirí:

(a) lena n-áirítear socrúchán scoile, bunstaidéir agus staidéir ghairmiúla;

(b) atá creidiúnaithe ag an gComhairle chun críocha múinteoireachta breisoideachais;

(c) atá ag leibhéal 8 nó níos airde ar an NFQ;

(d) a bhfuil ualú ECTS 60 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi;

(e) a tosaíodh tar éis fochéim nó a comhionann ag leibhéal 7 nó níos airde ar an NFQ a dhámhadh, a bhfuil ualú ECTS 180 creidmheas ar a laghad ag gabháil léi;

(f) agus—

(i) cáilíocht chuí bhreise, nó

(ii) creidiúnú deimhnithe ar fhoghlaim roimhe sin bunaithe ar thréimhse trí bliana ar a laghad de thaithí in áit oibre nó ionad teagaisc is iomchuí maidir le cáilíochtaí an iarratasóra a bheidh aitheanta ag an gComhairle a bheith oiriúnach chun críche cláraithe mar mhúinteoir faoin mbealach seo.

NÓ

4. Cáilíocht nó cáilíochtaí a bhfuil an tuairim ag an gComhairle ina leith go gcomhlíonann sí nó siad na critéir chun duine a chlárú faoi Bhealach 2: Iarbhunscoil.

NÓ

[13]Féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, dá rogha féin, clárú coinníollach a dheonú d’iarratasóirí chun cur i gcrích cáilíochtaí a cheadú faoi Bhealach 3, mír 3 de réir Rialachán 10(2).

5. Cáilíocht nó cáilíochtaí faighte, a bhfuil an tuairim ag an gComhairle ina leith go bhfuil sí nó iad ar chaighdeán comhionann leis na caighdeáin is gá faoi mhíreanna 1,2, 3 nó 4 atá leagtha amach thuas, tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht sin de réir an Chórais Ghinearálta.

## BEALACH 4: EILE

Duine a dhéanfaidh iarratas chun é nó í a thaifeadadh sa chlár ar bhonn cáilíochtaí mar mhúinteoir faoin mbealach seo, deimhneoidh sé nó sí don Chomhairle:

1. Gur cuireadh ar an gclár é nó í roimhe sin faoi Rialachán 3 (Montessori agus Aicmí Eile) de na Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta [Clárú], 2009.

NÓ

2. Go bhfuair sé nó sí cáilíocht nó cáilíochtaí san oideachas um riachtanais speisialta lasmuigh d’Éirinn, a bhfuil an tuairim ag an gComhairle ina leith go bhfuil sí nó siad ar chaighdeán comhionann leis na caighdeáin is gá faoi mhír 1 atá leagtha amach thuas, tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht sin de réir an Chórais Ghinearálta.

NÓ

3. Go ndearna sé nó sí iarratas ar chlárú an 31 Nollaig 2023 nó roimhe sin agus go bhfuil cáilíocht leibhéal 8 ar an NQF faighte aige nó aici san Oideachas Montessori, arna gabháil de láimh in Éirinn agus a tosaíodh an 1 Deireadh Fómhair 2018 nó roimhe sin agus a cuireadh i gcrích an 31 Nollaig 2023 nó roimhe sin.

NÓ

4. Go ndearna sé nó sí iarratas ar chlárú an 31 Nollaig 2023 nó roimhe sin agus go bhfuil cáilíocht nó cáilíochtaí faighte aige nó aici lasmuigh d’Éirinn, a bhfuil an tuairim ag an gComhairle ina leith go bhfuil sí nó siad ar chaighdeán comhionann leis na caighdeáin is gá faoi mhír 3 atá leagtha amach thuas, tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht sin de réir an Chórais Ghinearálta.

Toilíonn an tAire Oideachais agus Scileanna, agus tugann sé a aontú, leis na Rialacháin sin roimhe seo a dhéanamh.

,

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi Shéala Oifigiúil an Aire Oideachais agus Scileanna, 25 Iúil 2016.

RISTEARD DE BRIOTÚN,
An tAire Oideachais agus Scileanna.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi shéala na Comhairle Múinteoireachta an 25 Iúil 2016.

GERRY QUINN,
Cathaoirleach.

SEAN MCMAHON,
Leaschathaoirleach.

TOMÁS Ó RUAIRC,
Stiúrthóir.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(*Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é*.)

Déantar na Rialacháin seo faoi ailt 4, 29, 31 agus 33 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Déantar foráil leo maidir le nithe áirithe i ndáil leis an gclár múinteoirí agus clárú múinteoirí sa chlár sin agus clárú sa chlár sin a athnuachan.

Leis na Rialacháin seo, cúlghairtear Na Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta [Clárú], 2009.

Na Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú), 2016 is teideal do na Rialacháin seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

---

ISBN 978-1-4064-5431-4

€4.57

9 781406 454314

Wt. (B32258). 435. 8/16. Essentra. Gr 30-15.